An Roinn Oideachais
Department of Education

Foras Taighde ar Oideachas
Educational Research Centre

MEASÚNACHTAÍ NÁISIÚNTA DON MHATA AGUS DON LÉITHEOIREACHT BHÉARLA 2021

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Is iad na Measúnachtaí Náisiúnta ná staidéar ar an Mata agus ar an Léitheoireacht Bhéarla a chuirtear i bhfeidhm i Ranganna a Dó agus a Sé i mbunscoileanna. Is é an Foras Taighde ar Oideachas a dhéanann an staidéar thar ceann na Roinne Oideachais. Is foinse thábhachtach iad na measúnachtaí seo maidir le heolas cruinn a bheith ar fáil ar chaighdeáin náisiúnta. Is féidir leis na torthaí tionchar a imirt ar pholasaithe a chabhróidh le héifeacht an chórais oideachais a ardú. Tacaíonn Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí leis an staidéar.

Roghnaíodh do pháiste agus a c(h)omhghleacaithe go randamach chun páirt a ghlacadh sna Measúnachtaí Náisiúnta 2021. Bhí sé beartaithe an timthriall seo de na measúnachtaí a dhéanamh in earrach 2020; mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, áfach, rinneadh é a athsceidealú go dtí an scoilbhliain reatha.

Tuigimid gur bhliain an-dúshlánach a bhí ann an bhliain seo caite. I bhfianaise na ndúshlán leanúnach atá roimh phobail scoile, rinneadh scóip NAMER 2021 a oiriúnú agus a laghdú. Don timthriall seo de na Measúnachtaí:

- Déanfaidh daltaí triail sa Léitheoireacht Bhéarla **nó** triail sa Mhatamaitic (ní an dá cheann mar a dhéanfaidis sna timthriallta roimhe seo)
- Tabharfar ceistneoirí do dhaltaí agus múinteoir ranganna rannpháirteacha (ranganna a Dó agus a Sé) agus príomhoidí scoile (ní dháilfear ceistneoirí do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí i mbliana); agus
- Déanfar na Measúnachtaí ag tús mí Bealtaine, ionas go mbeidh go leor ama idir na Measúnachtaí Náisiúnta agus tástálacha caighdeánaithe.

Ní gá do pháistí cleachtadh a dhéanamh do na trialacha roimh ré. Tarlóidh siad mar chuid den ghnáthlá scoile. Déanfaidh múinteoir ranga do pháiste na trialacha a riar, agus déanfaidh cigirí ón Roinn Oideachais maoirseacht ar riaradh na dtrialacha i gcion de scoileanna.

Comhlíonann an tionscnamh seo reachtaíocht um chosaint sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS/GDPR). Úsáidtear na sonraí go léir a bhailítear sa staidéar seo chun polasaí a threorú, forbairt an churaclaim san áireamh, agus tá na sonraí go hiomlán faoi rún. Eisíonn an FTO uimhreacha aitheantais chun riarachán tástálacha agus ceistneoirí a éascú. Ní bheifear in ann daltaí aonair nó scoileanna faoi leith a aithint sa bhunachar sonraí a fhorbrófar tar éis an staidéir. Déantar na sonraí a stóráil ar

fhreastalaithe an FTO le linn thimthriall na Measúnuithe Náisiúnta, anailís agus tuairisciú san áireamh.
Ag teacht le dea-chleachtais faoin reachtaíocht reatha (RGCS), scriosfaidh an FTO agus na scoileanna an nasc idir ainmneacha na ndaltaí agus na huimhreacha aitheantais faoi 1ú Nollaig, 2021.

- Má tá tú sásta go nglacfaidh do pháiste páirt sa staidéar, **ní gá aon rud sa bhreis a dhéanamh ag an bpointe seo.**
- Má tá tuilleadh eolais uait faoi na Measúnachtaí Náisiúnta 2021, nó más fearr leat leagan ar líne den cheistneoir seo a chomhlánú, féach ar shuíomh idirlíon an FTO ag www.erc.ie/studies/namer/.
- Más mian leat nach nglacfaidh do pháiste páirt sa staidéar, labhair le múinteoir/príomhoide do pháiste, le do thoil.
- Más mian leat sonraí do pháiste a tharraingt siar tar éis dó/di páirt a ghlacadh sa staidéar, is féidir leat é seo a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh le scoil do pháiste roimh 31 Iúil, 2021.

I bhfianaise imthosca urghnácha an bhliain seo caite, is deis luachmhar í seo chun faisnéis reatha a bhailiú. Is mór againn rannpháirtíocht na scoileanna agus na ndaltaí.

Má tá ceisteanna eile agat faoin staidéar, tá fáilte romhat dul i dteagmháil linn trí ríomhphost a chur go namer2021@erc.ie. Is féidir glaoch ar Joanne ag 01-8065220 chomh maith.

Go raibh míle maith agat as ucht do chabhrach le linn na tréimhse dúshlánaí seo.

Le dea-mhéin,



An Dochtúir Noreen Fiorentini
Roinnchigire Scoileanna
An Roinn Oideachais

Joanne Kiniry
Comhordaitheoir na Measúnachtaí Náisiúnta
Foras Taighde ar Oideachas